CÁRTAÍ SCILE

Blocáil

Usáidtear an bhlocáil chun seilbh na liathróide a bhaint de chéile comhraic agus chun í a fháil ar ais

Teicníc

Bíodh cruth 'W' ar na lámha, iad teann. Na súile oscailte. Ní mór a bheith gar do chos an chicealaí agus do lámha a bhrú síos ar an liathróid chun blocála.

Lámha

Cruth 'W' Teann

Cloigeann

Súile ar an liathróid

Feadh an ama

Ná hiompaigh ón liathróid



Cosa

Cos chun cinn ar an gceann eile

Gar do chos an chiceálaí

Príomh-phointí

1. Lámha ar chruth 'W'

   Lámha teann – láidir chun blocála

   Gar do chos an chiceálaí agus don liathróid

Botúin Choitianta

Botún 1

☹ Gan an cruth ceart a bheith ar na lámha. Má bhíonn siad ró-fada óna chéile tiocfaidh an liathróid tríothu agus seans go mbuailfidh sí d'aghaidh

☺ Cinntigh gur é an cruth 'W' atá in úsáid i gconaí

Botún 2

☹ Seasamh ró-fhada ó chos an chiceálaí. Fágann sin go mbíonn sé níos éasca ag an gciceálaí an liathróid a chur uaithi gan cur as di agus tá seans níos mó ann go bhaighfidh an blocálaí cic.

☺ Cinntigh go seasfaidh an blocálaí gar do chos an chiceálaí chun an cúram a dhéanamh agus an liathróid a fháil ar ais

Botún 3

☹ Botún eile is ea go ndúnann an blocálaí a súile. Níl a fhios aici ansin cá bhfuil cos an chiceálaí, ní bheidh ar a cumas blocáil agus tharlódh go bhfaighfidh cic í féin

☺ Cinntigh go mbíonn a súile oscailte ag an mblocálaí i gconaí ionas go mbeidh a fhios aici cá bhfuil an ciceálaí agus an liathróid